

# Is spéisiúil an léiriú a dhéantar sa dráma ‘An Triail’ ar an gcineál duine í Bean Uí Chathasaigh, máthair Mháire, agus ar an gcaoi a chuireann sí leis an tragóid i saol Mháire - 2014

Ní féidir a dhiúltú go nglacann Bean Uí Chathasaigh páirt rí-thábhachtach sa dráma ‘An Triail’ agus go bhfuil impleacht mhór aici ar saol Mháire agus ar a **cruachás** (predicament/crisis) níos déanaí. Is é **príomhfheidhm** (primary function) máthair Mháire ná **cur leis an tragóid i saol Mháire** (add to the tragedy in Máire’s life), ionas go mothóidh an lucht féachana trua don **mháthair pheacúil** (sinned mother). Cé nach bhfeictear í ach i dtrí **radharc** (scenes), tugtar léiriú soléir ar an mbean **mhíthrócaireach, chúngaigeanta, choimeádach seo** (merciless, narrow-minded, conservative). Úsáideann Mairéad Ní Ghráda, bean Uí Chathasaigh chun éifeacht na hEaglais ar mheon na sochaí in Éirinn sna 60aidí a léiriú – rud a bhraith mé a bhí an-suimiúil agus a mheall mé chuig an dráma. Is í an ghné is suimiúla di ná go mbeifeá ag ceapadh ós rud é gur máthair í féin go mbeadh trua aici dá hiníon atá ag **iompar clainne** (pregnant). A mhalairt atá fíor. San aiste seo déanfaidh mé plé ar leiriú mháthair Mháire agus an éifeacht atá aici ar thragóid Mháire.

I radharc 4 tá máthair Mháire á ceistiú os comhair na cúirte. Foghlaimíonn muid san áit seo gur **baintreach** (widow) atá inti, gur ‘saolaíodh an duine deireanach de mo [dá] chlann ráithe tar éis m’fhear céile a fháil bháis’. Tugann sé tuiscint dúinn den **chruas** (hardness/cruelty) a d’fhorbair i máthair Mháire agus cuireann sé leis an tragóid i saol Mháire. Ós rud é gur fágadh í ina haonar agus í ag iompar clainne (nuair a fuair a fear céile bás) ceaptar go mbeadh sí tuisceanach do chás a hiníne. Ach níor léirigh sí trua ar bith di, í go hiomlán buartha faoina **stádas sa phobal** (status in the community). **Shéan sí Máire in am a gáthair** (she denied Máire in her time of need) mar gheall go raibh sí níos gafa le tuaraimí/dearcadh a comharsan ná **leas a hiníne** (daughter’s well-being).

I radharc 4 agus 7 léiríonn sí íomha de bhean **chráifeach** (pious), tiarnúil, í i gcónaí ag guí nó ag freastal ar Aifrinn. Bíonn mórán dá cuid teanga bainteach le gnéithe reiligiúnda ‘Ba é toil Dé m’fhear chéile a thógail uaim’. I ndairíre bean bhréagcráifeach, mhícharthanach a bhí inti, í níos buartha faoi thuairimí na heaglaise agus an phobail ná leas a hiníne. Dar le Liam ‘níl uaithi ach go

léifí ar fhógra a bháis : ...ise ba mháthair do Shéan Ó Cathasaigh, sagairt pharóiste Baile i bhfad síos agus don Mháthair Columbán Mhuire, misiúnaí san Afraic' - ag léiriú a **glórmhian** (ambition) chomh maith lena **fosúchán ar íomha naofa** (fixation on a holy image) i measc an pobail. Is léir gur bean chaolaigeanta í – go huile is go hiomlán tógtha le tuairimí coiméadacha agus traidisiúnta. I radharc 4 mhol sí do Mháire **ginmhilleadh** (abortion) a bheith aici cé go bhfuil marú i gcoinne **cleachtas Críostaíochta** (Christian practices). Agus níos déanaí thairg sí deoch leigheas dá hiníon chun an **ghin** (foetus) a mharú, dar léi 'ní aon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan – rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine'. Tugann sé léiriú speisialta dúinn ar Bhean Uí Cathasaigh mar aon le réalaióchas an Chaitliceachais i sochaí na hÉireann sa tréimhse sin. Taispéanann sé seo go gcuireann Bean Uí Cathasaigh dearcadh na heaglaise agus na sochaí os comhair tuairimíocht Críostaíochta, focal naofa an Bhíobla agus a iníon féin – rud a chuireann lenár trua do Mháire.

Dar le máthair Mháire níor cheart ploc den mhilleán a chur uirthi i dtaobh cruachás Mháire, thóg sise go 'creidiúnach agus go críostúil' í. Deir sí gur oibrigh sí go crua agus go **dícheallach** (diligently) chun saol compordach a chur ar fáil dá clann. Agus dá bharr **diúltaíonn sí aon fhreagracht a ghlacadh** (she refuses to take any responsibility) maidir le cás Mháire. Dhiúltagh sí aon chabhair a thabhairt dá hiníon, nuair a **thug sí an bata agus bóthar di** (dismissed her/threw her out) in am a cruacháis agus í a rá 'Mallacht ar an té a tharraing an náire seo orainn agus Mallacht Dé ortsa...a striapach' Cuireann easpa grá agus **easpa trócaire** (lack of mercy) Bhean Uí Cathasaigh lenár trua don tragóid agus deacracht i saol Mháire.

Is léir nach raibh puinn **daonnachta** (humanity) ag baint le Bean Uí Cathasaigh. Níl fiú trua le cloisteáil ina guth ag deireadh an dráma, os comhair **uaigh** (grave) a hiníne, 'ní ormsa is cóir an milleán a chur – thóg mise í go creidiúnach agus go críostúil – cad eile a d'fhéadfainn a dhéanamh di?' Tugann Mairéad Ní Ghráda léiriú spéisiúil do bhean bhréagráifeach, **fhimíneach** (hypocritical) a chur le tragóid a hiníne, os ár gcomhair.